Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2023/0438(COD)

13.2.2025

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar an gcomhar póilíneachta i ndáil le smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, agus maidir le feabhas a chur ar thacaíocht Europol ó thaobh coireanna den sórt sin a chosc agus a chomhrac agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/794
(COM(2023)0754 – C9-0431/2023 – 2023/0438(COD))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir: Jeroen Lenaers

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 47

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR 50

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar an gcomhar póilíneachta i ndáil le smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, agus maidir le feabhas a chur ar thacaíocht Europol ó thaobh coireanna den sórt sin a chosc agus a chomhrac agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/794
(COM(2023)0754 – C9-0431/2023 – 2023/0438(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0754),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 85(1), d'Airteagal 87(2) agus d'Airteagal 88(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0431/2023),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don mheasúnú buiséadach ón gCoiste um Buiséid,

– ag féachaint don tuairim réasúnaithe a thíolaic Parlaimint na Sualainne, faoi chuimsiú Phrótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm, á maíomh nach gcomhlíonann an dréachtghníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 10 Iúil 2024[1],

– ag féachaint do Riail 60 agus do Riail 58 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A10-0000/2025),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

[1] IO C, C/2024/6024, 23.10.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:52024AE0141.

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Togra le haghaidh	Togra le haghaidh
RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE	RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
maidir le feabhas a chur ar an gcomhar póilíneachta ***i ndáil le*** smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chosc***, a bhrath*** agus a ***imscrúdú, agus maidir le feabhas a chur ar thacaíocht Europol ó thaobh coireanna den sórt sin a chosc agus a*** chomhrac ***agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/794***	***lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/794, a mhéid a bhaineann le tacaíocht Europol a neartú, agus an comhar*** póilíneachta ***a fheabhsú, chun*** smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac

Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) Chun tacú lena anailís straitéiseach maidir le smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac, ba cheart tacaíocht ó chreat comhair atá comhdhéanta d'fhoireann Europol a thabhairt don Lárionad Eorpach in aghaidh Smuigleáil Imirceach agus d'ionadaithe ón gCoimisiún, ó sheirbhísí speisialaithe na mBallstát, ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) agus ón nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta a bheith rannpháirteach ann. Ba cheart don Lárionad Eorpach in aghaidh	***scriosta***

Smuigleáil Imirceach cruinniú de chuid na n-eintiteas a ndéantar ionadaíocht dóibh sa lárionad a thionól faoi dhó sa bhliain ar a laghad chun treoir agus comhordú éifeachtach ar leibhéal an Aontais a áirithiú. Chun go bhféadfaidh an lárionad sin a chúraimí a chomhlíonadh, ba cheart do struchtúir inmheánacha ábhartha eile de chuid Europol gach tacaíocht is gá dó. Chun éifeachtacht an Lárionaid Eorpaigh in aghaidh Smuigleáil Imirceach a uasmhéadú, ba cheart do Europol a bheith ábalta cuireadh a thabhairt, go háirithe, do phríomhghníomhaithe an Ardáin Eorpaigh Ildisciplínigh i gCoinne Bagairtí Coiriúla ('EMPACT') chomh maith le comhlachtaí nó gníomhaireachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais nuair is gá.

Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(7a) Chun cur leis an tacaíocht oibríochtúil agus theicniúil maidir le smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac, ba cheart d'ionadaithe ó sheirbhísí speisialaithe na mBallstát, ó Eurojust agus ón nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta a bheith rannpháirteach sa Lárionad Eorpach in aghaidh Smuigleáil Imirceach chun comhordú agus malartú faisnéise éifeachtach, tráthúil agus córasach a áirithiú maidir le smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chomhrac ar leibhéal an Aontais, lena n-áiritheofaí comhar idirghníomhaireachta níos láidre laistigh dá n-inniúlachtaí féin agus leis

na Ballstáit. Ba cheart buanionadaithe ó Eurojust agus ón nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta a ainmniú chun na críche sin.

Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(7b) Chun éifeachtacht an Lárionaid Eorpaigh in aghaidh Smuigleáil Imirceach a uasmhéadú, ba cheart do Europol a bheith ábalta cuireadh a thabhairt do rannpháirtithe eile a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí an Lárionaid Eorpaigh in aghaidh Smuigleáil Imirceach a dhéanamh. D'fhéadfaí a áireamh leis sin, go háirithe, an Coimisiún agus príomhghníomhaithe an Ardáin Eorpaigh Ildisciplínigh i gCoinne Bagairtí Coiriúla (EMPACT), chomh maith le comhlachtaí nó gníomhaireachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais, nuair a thagann siad faoina n-inniúlachtaí. Ba cheart don Lárionad Eorpach in aghaidh Smuigleáil Imirceach comhoibriú leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus le misin agus oibríochtaí an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta, i gcás inarb iomchuí agus inarb ábhartha, i gcomhréir lena sainorduithe agus lena n-inniúlachtaí féin, agus i gcomhréir le sainordú Europol. Ba cheart do Europol a áirithiú go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag an Lárionad Eorpach i gcoinne Smuigleáil Imirceach chun a dhualgais a chomhlíonadh agus go dtugann struchtúir inmheánacha ábhartha eile de chuid Europol gach tacaíocht is gá dó.

Or. en

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(7c) Chun a áirithiú go leanfaidh cúraimí agus rialachas an Lárionaid Eorpaigh in aghaidh Smuigleáil Imirceach de bheith solúbtha go leor, ba cheart an Bord Bainistíochta a chumhachtú, ar bhonn togra ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin, chun rialacha cur chun feidhme a ghlacadh, lena n-áirítear i ndáil leis na cineálacha cúraimí oibríochtúla agus straitéiseacha atá le déanamh agus maidir leis na socruithe le haghaidh rannpháirtíocht na n-ionadaithe agus na rannpháirtithe a dtugtar cuireadh dóibh.

Or. en

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) Chun cur leis an tacaíocht oibríochtúil agus theicniúil maidir le smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac, ba cheart d'oifigigh idirchaidrimh ó na Ballstáit, ó Eurojust agus ón nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta a bheith rannpháirteach sa Lárionad Eorpach in aghaidh Smuigleáil Imirceach, le haghaidh cúraimí oibríochtúla, chun comhordú agus malartú faisnéise	***scriosta***

éifeachtach, tráthúil agus córasach a áirithiú maidir le smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chomhrac ar leibhéal an Aontais, lena n-áiritheofaí comhar idirghníomhaireachta níos láidre laistigh dá n-inniúlachtaí féin agus leis na Ballstáit. Ba cheart do struchtúir inmheánacha ábhartha eile de chuid Europol gach tacaíocht is gá a thabhairt freisin. Ba cheart oifigigh idirchaidrimh ó Eurojust agus oifigigh idirchaidrimh na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta a phostú mar bhuanionadaithe do Europol chun na críche sin. Ba cheart do Europol a bheith ábalta páirt a thabhairt do comhlachtaí nó do ghníomhaireachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais chun leas a bhaint as an saineolas a thagann faoina n-inniúlachtaí i gcás inarb ábhartha.

Or. en

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 11 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(11a) Agus an meastóireacht atá beartaithe i gcomhréir le hAirteagal 23 de Rialachán (AE) 2021/784 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a]á cur i gcuntas, agus d'fhonn aghaidh a thabhairt ar fhadhb níos leithne an inneachair neamhdhleathaigh ar líne, ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar an ngá atá le raon feidhme na n-orduithe maidir le baint anuas a leathnú chun gné ar líne na smuigleála imirceach nó na gáinneála ar dhaoine a chumhdach, lena n-áirítear éascú ar líne nó spreagadh poiblí.

[1a] Rialachán (AE) 2021/784 ó Pharlaimint

na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le haghaidh a thabhairt ar scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta ar líne (IO L 172, 17.5.2021, lch. 79, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32021R0784).

Or. en

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(13) Tá rannpháirtíocht ghníomhach na mBallstát agus comhroinnt faisnéise le Europol ríthábhachtach chun cur chuige cuimsitheach comhordaithe an Aontais a áirithiú maidir le smuigleáil imirceach a chomhrac. D′fhonn acmhainneachtaí na mBallstát a neartú, ba cheart do na Ballstáit seirbhísí speisialaithe a ainmniú chun smuigleáil imirceach a chomhrac, ag áirithiú go mbeidh acmhainní leordhóthanacha acu chun smuigleáil imirceach a chosc agus a chomhrac agus gur féidir leo faisnéis maidir le himscrúduithe coiriúla a chomhroinnt le Europol ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach. Chun comhroinnt faisnéise idir na Ballstáit agus Europol maidir le smuigleáil imirceach a chomhchuibhiú, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh a seirbhísí ainmnithe chun smuigleáil imirceach a chomhrac nasctha go díreach le SIENA chun comhroinnt faisnéise a éascú. Tá sé sin i gcomhréir le Treoir (AE) 2023/977 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 maidir le malartú faisnéise idir údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát agus lena n-aisghairtear Cinneadh ***Réime 2006/960/CGB*** ón gComhairle. Ba	(13) Tá rannpháirtíocht ghníomhach na mBallstát agus comhroinnt faisnéise le Europol ríthábhachtach chun cur chuige cuimsitheach comhordaithe an Aontais a áirithiú maidir le smuigleáil imirceach a chomhrac. D’fhonn acmhainneachtaí na mBallstát a neartú, ba cheart do na Ballstáit seirbhísí speisialaithe a ainmniú chun smuigleáil imirceach a chomhrac, ag áirithiú go mbeidh acmhainní leordhóthanacha acu chun smuigleáil imirceach a chosc agus a chomhrac agus gur féidir leo faisnéis maidir le himscrúduithe coiriúla a chomhroinnt le Europol ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach. ***Féadfaidh na Ballstáit seirbhísí atá ann cheana a ainmniú*** chun ***na críche sin. Chun*** comhroinnt faisnéise idir na Ballstáit agus Europol maidir le smuigleáil imirceach a chomhchuibhiú, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh a seirbhísí ainmnithe chun smuigleáil imirceach a chomhrac nasctha go díreach le SIENA chun comhroinnt faisnéise a éascú. Tá sé sin i gcomhréir le Treoir (AE) 2023/977 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 maidir le malartú faisnéise idir údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát agus lena

cheart d'oifigigh idirchaidrimh inimirce na mBallstát a phostáiltear i dtríú tíortha faisnéis a chomhroinnt le Europol freisin; chun na críche sin, ba cheart iad a nascadh le SIENA freisin lena áirithiú gur féidir leo comhroinnt na faisnéise dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach.	n-aisghairtear Cinneadh ***Réime 2006/960/CGB*** ón gComhairle. Ba cheart d'oifigigh idirchaidrimh inimirce na mBallstát a phostáiltear i dtríú tíortha faisnéis a chomhroinnt le Europol freisin; chun na críche sin, ba cheart iad a nascadh le SIENA freisin lena áirithiú gur féidir leo comhroinnt na faisnéise dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach.

Or. en

Réasúnú

Chun a shoiléiriú nach gá aon struchtúir bhreise a bhunú i gcás ina bhfuil siad ann cheana féin.

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 14 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(14a) Ach sonraí bithmhéadracha a mhalartú, a chur i gcomparáid agus a anailísiú ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil, cuirfear feabhas ar bhrath na calaoise céannachta agus ar chosc agus comhrac na coireachta. Ba cheart a áirithiú, dá bhrí sin, go n-áirítear próiseáil sonraí bithmhéadracha ar bhealach níos soiléire mar chuid de chúraimí Europol maidir le tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit.

Or. en

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(15) Chun coireacht eagraithe thromchúiseach trasteorann agus sceimhlitheoireacht a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, is gá comhordú agus gníomhaíocht chomhbheartaithe a dhéanamh. Chomh maith leis an bhféidearthacht atá ag an mBallstát foireann chomhpháirteach imscrúdúcháin a ***bhunú*** i gcomhréir leis an gCinneadh Réime ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002, ba cheart na Ballstáit a bheith ábalta tascfhórsa oibríochtúil a ***bhunú*** chun an comhar maidir le forfheidhmiú an dlí a threisiú le tacaíocht ó Europol. Leis an sásra comhordúcháin sin i measc údaráis phóilíneachta na mBallstát agus sheirbhísí eile um fhorfheidhmiú an dlí, ba cheart go ***mbeadh*** ar a gcumas, le tacaíocht ó Europol, gníomhaíochtaí agus imscrúduithe comhpháirteacha, comhordaithe agus tosaíochta um fhaisnéis choiriúil a dhéanamh, go háirithe maidir le líonraí coiriúla agus grúpaí coiriúla chomh maith le gníomhaithe coiriúla aonair, lena n-áirítear daoine a dtagann a ngníomhaíochtaí coiriúla faoi na cineálacha coireachta a bhfuil an inniúlacht ag Europol maidir leo agus a mbaineann ardriosca slándála leo. Chun dea-fheidhmiú agus éifeachtacht an tsásra sin a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit a ***dhéanann*** tascfhórsa oibríochtúil a chur ar bun, ***atá*** rannpháirteach ann nó a ***thacaíonn*** leis, a bheith ábalta sraith íosta ceanglas a áirithiú maidir lena rannpháirtíocht ghníomhach thráthúil, amhail an fhaisnéis ábhartha uile a sholáthar do Europol**,** agus ba cheart do Europol ***a bheith ábalta a*** ardtacaíocht anailíseach, oibríochtúil, theicniúil, fhóiréinseach agus airgeadais a chur ar fáil do na Ballstáit sin. Ba cheart tríú tíortha ***a bheith*** ábalta a bheith rannpháirteach i dtascfhórsa oibríochtúil nó tacú leis.	(15) Chun coireacht eagraithe thromchúiseach trasteorann agus sceimhlitheoireacht a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, is gá comhordú agus gníomhaíocht chomhbheartaithe a dhéanamh. Chomh maith leis an bhféidearthacht atá ag an mBallstát foireann chomhpháirteach imscrúdúcháin a ***chur ar bun*** i gcomhréir leis an gCinneadh Réime ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002, ba cheart ***do*** na Ballstáit a bheith ábalta tascfhórsa oibríochtúil a ***chur ar bun*** chun an comhar maidir le forfheidhmiú an dlí a threisiú le tacaíocht ó Europol. Leis an sásra comhordúcháin sin i measc údaráis phóilíneachta na mBallstát agus sheirbhísí eile um fhorfheidhmiú an dlí, ba cheart go ***gcuirfí*** ar a gcumas, le tacaíocht ó Europol, gníomhaíochtaí agus imscrúduithe comhpháirteacha, comhordaithe agus tosaíochta um fhaisnéis choiriúil a dhéanamh, go háirithe maidir le líonraí coiriúla agus grúpaí coiriúla chomh maith le gníomhaithe coiriúla aonair, lena n-áirítear daoine a dtagann a ngníomhaíochtaí coiriúla faoi na cineálacha coireachta a bhfuil an inniúlacht ag Europol maidir leo agus a mbaineann ardriosca slándála leo. ***Tá sé tábhachtach a áirithiú gur sásra oibríochtúil solúbtha agus éifeachtach é an tascfhórsa oibríochtúil. Ba cheart, dá bhrí sin, don Bhord Bainistíochta na rialacha mionsonraithe maidir lena gcur*** chun ***feidhme a ghlacadh, bunaithe ar mholadh ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin. Is féidir leis na tascfhórsaí oibríochtúla sin gníomhaíochtaí agus imscrúduithe tiomnaithe áirithe maidir le faisnéis choiriúil, nó imscrúduithe airgeadais comhthreomhara a thionscnamh, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus le dlí an Aontais, chun sócmhainní coiriúla a shainaithint agus a urghabháil. Chun*** dea-fheidhmiú agus éifeachtacht an tsásra sin a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit a

dhéanfaidh tascfhórsa oibríochtúil a chur ar bun, ***a bheidh*** rannpháirteach ann nó a ***thacóidh*** leis, a bheith ábalta sraith íosta ceanglas a áirithiú maidir lena rannpháirtíocht ghníomhach thráthúil, amhail an fhaisnéis ábhartha uile a sholáthar do Europol agus ***do Bhallstáit rannpháirteacha eile.*** Ba cheart do Europol ardtacaíocht anailíseach, oibríochtúil, theicniúil, fhóiréinseach agus airgeadais a chur ar fáil do na Ballstáit sin. Ba cheart ***go mbeadh*** tríú tíortha ábalta a bheith rannpháirteach i dtascfhórsa oibríochtúil nó tacú leis.

Or. en

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(17) Ba cheart ***go mbeadh*** Europol ábalta foireann a imscaradh, lena n-áirítear saineolaithe náisiúnta ar iasacht, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/794 i gcríoch Bhallstáit arna iarraidh don Bhallstát sin, chun tacaíocht anailíseach, oibríochtúil, theicniúil agus fhóiréinseach a sholáthar i gcuibhreann agus i gcomhaontú le húdaráis inniúla an Bhallstáit sin. Ba cheart an t-imscaradh sin a ***dhéanamh*** go háirithe i gcomhthéacs imscrúduithe casta, mórscála agus ardphróifíle, lena n-áirítear i gcomhthéacs foirne comhpháirteacha imscrúdúcháin, i gcuibhreann le Eurojust i gcás inarb iomchuí, nó le tascfhórsaí oibríochtúla. Ba cheart don imscaradh sin freisin tacú tuilleadh le seiceálacha slándála i ***gcoinne bhunachair*** sonraí Europol nó ***bunachair*** sonraí náisiúnta chun malartú ***tapa*** faisnéise a éascú chun rialuithe ag teorainneacha seachtracha an Aontais (seiceálacha tánaisteacha slándála), nó foirne tacaíochta bainistíochta	(17) Ba cheart ***do*** Europol ***a bheith*** ábalta foireann a imscaradh, lena n-áirítear saineolaithe náisiúnta ar iasacht, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/794 i gcríoch Bhallstáit***, nó tríú tír,*** arna iarraidh don Bhallstát sin ***nó don tríú tír sin***, chun tacaíocht anailíseach, oibríochtúil, theicniúil agus fhóiréinseach a sholáthar i gcuibhreann agus i gcomhaontú le húdaráis inniúla an Bhallstáit ***nó an tríú tír*** sin. Ba cheart an t-imscaradh sin a ***bheith ina uirlis sholúbtha i gcónaí agus a bheith déanta*** go háirithe i gcomhthéacs imscrúduithe casta, mórscála agus ardphróifíle, lena n-áirítear i gcomhthéacs foirne comhpháirteacha imscrúdúcháin, i gcuibhreann le Eurojust i gcás inarb iomchuí, nó le tascfhórsaí oibríochtúla. Ba cheart don imscaradh sin freisin tacú tuilleadh le seiceálacha slándála ***a dhéanamh*** i ***mbunachair*** sonraí Europol nó ***i mbunachair*** sonraí náisiúnta chun malartú ***mear*** faisnéise a éascú chun

imirce a neartú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***. Ba cheart do Europol úsáid a bhaint as an imscaradh sin freisin chun tacú leis na Ballstáit i ndáil le mórtheagmhais idirnáisiúnta. Ba cheart Europol a bheith ábalta baill foirne agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht a imscaradh freisin i dtríú tíortha a gcomhoibríonn sé leo ar bhonn cinneadh leordhóthanachta, ar bhonn comhaontú idirnáisiúnta arna thabhairt i gcrích idir an tAontas agus an tríú tír sin de bhun Airteagal 218 CFAE, nó ar bhonn comhaontú comhair idir Europol agus an tríú tír sin arna thabhairt i gcrích roimh an 1 Bealtaine 2017.

rialuithe ag teorainneacha seachtracha an Aontais (seiceálacha tánaisteacha slándála), nó foirne tacaíochta bainistíochta imirce a neartú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***[2]. Ba cheart do Europol úsáid a bhaint as an imscaradh sin freisin chun tacú leis na Ballstáit i ndáil le mórtheagmhais idirnáisiúnta. Ba cheart ***do*** Europol a bheith ábalta baill foirne agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht a imscaradh freisin i dtríú tíortha a gcomhoibríonn sé leo ar bhonn cinneadh leordhóthanachta, ar bhonn comhaontú idirnáisiúnta arna thabhairt i gcrích idir an tAontas agus an tríú tír sin de bhun Airteagal 218 CFAE, nó ar bhonn comhaontú comhair idir Europol agus an tríú tír sin arna thabhairt i gcrích roimh an 1 Bealtaine 2017.

---

[2] Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624 (IO L 295, 14.11.2019, lch. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32019R1896).

[2] Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624 (IO L 295, 14.11.2019, lch. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32019R1896).

Or. en

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 19

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(19) Thairis sin, i gcomhthéacs imscaradh Europol le haghaidh tacaíocht oibríochtúil, ba cheart do Europol díorma ***a bhunú*** de shaineolaithe ardcháilithe ***na mBallstát maidir le forfheidhmiú*** an dlí a	(19) Thairis sin, i gcomhthéacs imscaradh Europol le haghaidh tacaíocht oibríochtúil, ba cheart do Europol díorma ***cúltaca*** de shaineolaithe ardcháilithe ***um fhorfheidhmiú*** an dlí ***ó na Ballstáit*** a ***chur***

bhfuil próifílí speisialaithe acu is féidir a chur ar fáil láithreach do Europol le haghaidh imscaradh oibríochtúil chun tacaíocht speisialaithe a sholáthar. Ba cheart ***go gcuimseofaí i ndíorma na saineolaithe*** speisialtóirí in anailís choiriúil, i bhfóiréinsic, in imscrúdú, i dteangacha agus i gcomhordú. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh a gcuid saineolaithe ar fáil chun ***páirt a ghlacadh***, mar shaineolaithe náisiúnta ar iasacht, in imscaradh Europol le haghaidh tacaíocht oibríochtúil, arna iarraidh sin do Europol. Níor cheart feidhm a bheith ag ***an oibleagáid*** sin i leith tríú tíortha ina n-imscarann Europol baill foirne agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht le haghaidh tacaíocht oibríochtúil.

ar bun a bhfuil próifílí speisialaithe acu is féidir a chur ar fáil láithreach do Europol le haghaidh imscaradh oibríochtúil chun tacaíocht speisialaithe a sholáthar. Ba cheart speisialtóirí in anailís choiriúil, i bhfóiréinsic, in imscrúdú, i dteangacha agus i gcomhordú ***a chuimsiú i ndíorma cúltaca na saineolaithe***. Ba cheart do na Ballstáit***, dá bhrí sin,*** a áirithiú go mbeidh a gcuid saineolaithe ar fáil chun ***bheith rannpháirteach***, mar shaineolaithe náisiúnta ar iasacht, in imscaradh Europol le haghaidh tacaíocht oibríochtúil, arna iarraidh sin do Europol***, agus na hacmhainní atá ar fáil ag údaráis inniúla na mBallstát á gcur i gcuntas***. ***Chun comhdhéanamh an díorma cúltaca a bheidh cothrom agus comhréireach ó thaobh geografaíochta de a bhaint amach, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú freisin go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag a n-údaráis inniúla chun a gcion cothrom de na ranníocaíochtaí leis an díorma cúltaca a chomhlíonadh, i gcomhréir lena n-acmhainneacht agus lena riachtanais oibríochtúla.*** Níor cheart feidhm a bheith ag ***na hoibleagáidí*** sin i leith tríú tíortha ina n-imscarann Europol baill foirne agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht le haghaidh tacaíocht oibríochtúil.

Or. en

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 19 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(19a) Mar chuid dá chúraimí, tá Europol ábalta tacú le gníomhaíochtaí údaráis inniúla na mBallstát agus iad a neartú. Áirítear leis an tacaíocht sin gníomhaíochtaí imscrúdaitheacha agus oibríochtúla, anailís oibríochtúil chomh

maith le tacaíocht anailíseach, fhóiréinseach nó theicniúil eile a chomhordú, a eagrú agus a chur chun feidhme. Má cheanglaítear sin le haghaidh imeachtaí coiriúla náisiúnta agus má cheadaítear sin leis an dlí náisiúnta, ba cheart go bhféadfaí a iarraidh ar fhoireann Europol fianaise a thabhairt mar fhinnéithe sna himeachtaí sin, i gcomhréir le Prótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis an oibleagáid discréide agus rúndachta a fhorchuirtear ar fhoireann Europol le Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh (na 'Rialacháin Foirne') agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh (na 'Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile') a leagtar síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle[1a].

[1a] IO L 56, 4.3.1968, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1968/259(1)/oj

Or. en

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 19 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(19b) Tá Eurojust faoi réir rialacha ginearálta maidir le dliteanas conarthach agus neamhchonarthach is infheidhme i leith institiúidí, ghníomhaireachtaí agus chomhlachtaí an Aontais. Ba cheart Europol a bheith faoi réir dliteanas i leith próiseáil neamhúdaraithe nó mhícheart sonraí freisin.

Or. en

Réasúnú

Comhchuibhíonn sé na rialacha dliteanais is infheidhme le Gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais, amhail Eurojust

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 19 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(19c) Ag meabhrú Aithris 59 de Rialachán 2016/794, ba cheart prionsabal na huainíochta a chódú i dtéarmaí uasfhad conartha sheasta 10 mbliana don téarma seirbhíse foriomlán ag Europol, gan beann ar líon na gconarthaí a dhéantar le haghaidh poist sa phlean bunaíochta nach féidir ach le baill foirne ó údaráis inniúla na mBallstát a líonadh. Leis an gcódú sin, soláthrófar slándáil shóisialta do na baill foirne sin trí chead a thabhairt teidlíocht íosta pinsin a fháil mar thoradh ar a seirbhís do Europol agus éascófar athimeascadh na mball foirne sin sa tseirbhís ar an leibhéal náisiúnta. Leis na socruithe idirthréimhseacha comhfhreagracha, beifear in ann síneadh a chur le conarthaí foirne atá ina naoú bliain seirbhíse ag Europol agus a tugadh i gcrích roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo go dtí an uastréimhse sheasta 10 mbliana.

Or. en

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 22

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(22) [I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le	***scriosta***

seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a chur i bhfeidhm.]

Or. en

Réasúnú

Scriosadh i gcomhréir le rún fógartha na hÉireann a bheith rannpháirteach sa Rialachán seo

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 24

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(24) ***[Chuathas*** i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], agus thug sé tuairim uaidh an ***[…][4]***.	(24) ***Chuathas*** i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], agus thug sé tuairim uaidh an ***23 Eanáir 2024[4]***.
[3] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32018R1725).	[3] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32018R1725).

[4] ***IO C*** ...	[4] ***Tuairim an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí 4/2024, https://www.edps.europa.eu/system/files/2024-01/2023-1247_d0187_opinion_en.pdf***

Or. en

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Caibidil I

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Caibidil I	***scriosta***
FORÁLACHA GINEARÁLTA	
Airteagal 1	
Ábhar agus raon feidhme	
Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha chun feabhas a chur ar an gcomhar póilíneachta agus ar thacaíocht Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) chun smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac, trí:	
(a) Lárionad Eorpach in aghaidh Smuigleáil Imirceach laistigh de Europol agus creat rialachais lena ghníomhaíochtaí a rialáil agus tacú leo a bhunú;	
(b) lena gcuirtear feabhas ar an gcomhar agus ar an gcomhordú idir na Ballstáit, Europol agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais;	
(c) lena ndéantar an malartú faisnéise idir na Ballstáit agus le Europol a threisiú;	
(d) lena soláthraítear na huirlisí is gá do Europol chun tacú le gníomhaíochtaí údaráis inniúla na mBallstát agus lena gcomhar frithpháirteach chun cionta coiriúla a thagann faoi chuspóirí Europol	

a chosc agus a chomhrac agus chun iad a neartú;

(e) lena gcuirtear feabhas ar an gcomhar idir Europol agus tríú tíortha.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'smuigleáil imirceach' aon cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagail 3, 4 agus 5 de Threoir [XXX] [lena leagtar síos rialacha íosta chun iontráil neamhúdaraithe, idirthuras neamhúdaraithe agus fanacht neamhúdaraithe san Aontas a chosc agus a chomhrac, agus a chuirtear in ionad Threoir 2002/90/CE ón gComhairle agus Chinneadh Réime 2002/946 CGB ón gComhairle][5];

(2) ciallaíonn 'gáinneáil ar dhaoine' aon cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagail 2 agus 3 de Threoir 2011/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6];

(3) ciallaíonn 'údaráis inniúla' údaráis inniúla na mBallstát a shainítear i bpointe (a) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2016/794;

(4) ciallaíonn 'oifigeach idirchaidrimh inimirce' oifigeach idirchaidrimh arna imscaradh i dtríú tír ag údaráis inniúla Ballstáit, i gcomhréir lena dhlí náisiúnta, chun déileáil le saincheisteanna a bhaineann le hinimirce, lena n-áirítear i gcás nach bhfuil sna saincheisteanna sin ach ina gcuid de dhualgais an oifigigh idirchaidrimh.

---

[5] [cuir an teideal agus an tagairt foilseacháin leis]

[6] Treoir 2011/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le gáinneáil ar dhaoine a

chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint, agus a ghlacann ionad Chinneadh Réime 2002/629/CGB ón gComhairle (IO L 101, 15.4.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/36/oj).

Or. en

Réasúnú

Scriosadh an Rialacháin neamhspleách Athshuítear cuid de na forálacha mar leasuithe ar Rialachán Europol atá ann cheana.

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 3	***scriosta***
An Lárionad Eorpach in aghaidh Smuigleáil Imirceach	
Bunaítear an Lárionad Eorpach in aghaidh Smuigleáil Imirceach laistigh de Europol mar lárionad saineolais speisialaithe de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (l), de Rialachán (AE) 2016/794. Tacóidh sé leis na Ballstáit smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus comhlíonfaidh sé na cúraimí a leagtar amach in Airteagail 5 agus 6.	

Or. en

Réasúnú

Scriosadh an Rialacháin neamhspleách Athshuítear cuid de na forálacha mar leasuithe ar Rialachán Europol atá ann cheana.

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[...]	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Scriosadh an Rialacháin neamhspleách Athshuítear cuid de na forálacha mar leasuithe ar Rialachán Europol atá ann cheana.

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[...]	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Scriosadh an Rialacháin neamhspleách Athshuítear cuid de na forálacha mar leasuithe ar Rialachán Europol atá ann cheana.

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[...]	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Scriosadh an Rialacháin neamhspleách Athshuítear cuid de na forálacha mar leasuithe ar

Rialachán Europol atá ann cheana.

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 7	***scriosta***
Seirbhísí speisialaithe náisiúnta chun smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac	
1. Ainmneoidh gach Ballstát, bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo ar a dhéanaí, seirbhís speisialaithe amháin nó níos mó ná sin laistigh dá údaráis inniúla, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, chun smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac, lena n-áirítear trí imscrúduithe coiriúla. I ndiaidh ainmniú dá leithéid, cuirfidh gach Ballstát an Coimisiún ar an eolas faoi láithreach.	
2. Áiritheoidh gach Ballstát go mbaileoidh a sheirbhísí speisialaithe arna n-ainmniú i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo an fhaisnéis ábhartha uile a bhaineann le himscrúduithe coiriúla ar smuigleáil imirceach agus ar gháinneáil ar dhaoine agus a eascraíonn astu agus go gcomhroinnfidh siad an fhaisnéis sin a luaithe is féidir le Europol agus le Ballstáit eile i gcomhréir le hAirteagal 8.	
3. Déanfaidh gach Ballstát, bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo ar a dhéanaí, a sheirbhísí speisialaithe arna n-ainmniú i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo a nascadh go díreach le Feidhmchlár Líonra Europol um Malartú Slán Faisnéise (SIENA) dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (w), de Rialachán (AE) 2016/794. I ndiaidh nascadh dá leithéid, cuirfidh gach Ballstát an Coimisiún ar an eolas faoi	

láithreach.

4. Cuirfidh gach Ballstát acmhainní leordhóthanacha ar fáil dá sheirbhísí speisialaithe arna n-ainmniú i gcomhréir le mír 1 lena áirithiú go mbeidh na seirbhísí speisialaithe sin ullmhaithe chun smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac ar bhealach éifeachtach, agus chun faisnéis a bhailiú agus a chomhroinnt i gcomhréir le mír 2 ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil.

5. Cuirfidh gach Ballstát líon iomchuí ball foirne ó na seirbhísí speisialaithe arna n-ainmniú i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo ar fáil don díorma cúltaca dá dtagraítear in Airteagal 5b(6) de Rialachán (AE) 2016/794, ionas gur féidir leis na baill foirne sin a bheith rannpháirteach in imscaradh Europol le haghaidh tacaíocht oibríochtúil mar shaineolaithe náisiúnta ar iasacht.

Or. en

Réasúnú

Scriosadh an Rialacháin neamhspleách Athshuítear cuid de na forálacha mar leasuithe ar Rialachán Europol atá ann cheana.

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 8	***scriosta***
Faisnéis a sholáthar maidir le cionta coiriúla maidir le smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine do Europol agus do na Ballstáit	
1. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/794, soláthróidh gach Ballstát	

faisnéis do Europol atá i seilbh a údarás inniúil agus a bhaineann le cionta coiriúla maidir le smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine.

2. Cuirfidh gach Ballstát an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo ar fáil do Europol in am agus i dtráth.

3. Soláthróidh gach Ballstát faisnéis do na Ballstáit eile agus, ag an am céanna, do Europol, ar faisnéis í atá i seilbh a údarás inniúil agus a bhaineann le cionta coiriúla maidir le smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine i gcás ina bhfuil cúiseanna oibiachtúla ann lena chreidiúint go bhféadfadh an fhaisnéis sin a bheith ábhartha do na Ballstáit eile sin chun cionta coiriúla den sórt sin a chosc, a bhrath nó a imscrúdú sna Ballstáit sin.

4. Bainfidh gach Ballstát úsáid as SIENA chun an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo a sholáthar do Bhallstáit eile agus do Europol, i gcomhréir le hAirteagal 8(4) agus Airteagal 18(2), pointe (d), de Rialachán (AE) 2016/794.

5. Déanfaidh gach Ballstát a oifigigh idirchaidrimh inimirce a nascadh le SIENA. I gcás nach féidir oifigeach idirchaidrimh inimirce a nascadh le SIENA ar chúiseanna teicniúla ríthábhachtacha a bhaineann leis an staid sa tríú tír um imscaradh, cuirfidh an t-oifigeach idirchaidrimh inimirce sin an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 faoi bhráid údarás inniúil náisiúnta trí bhealaí slána eile. Soláthróidh an t-údarás inniúil sin an fhaisnéis do Europol, go díreach nó trí aonad náisiúnta Europol, ag baint úsáid as SIENA.

Or. en

Réasúnú

Scriosadh an Rialacháin neamhspleách Athshuítear cuid de na forálacha mar leasuithe ar

Rialachán Europol atá ann cheana.

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1 – pointe 1
Rialachán (AE) 2016/794
Airteagal 2 – mír 1 – pointe y

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(y) ciallaíonn ‘imscaradh Europol le haghaidh tacaíocht oibríochtúil’ ***imscaradh fhoireann*** Europol nó saineolaithe náisiúnta ar iasacht ***i gcríoch*** Ballstáit, arna iarraidh sin don Bhallstát sin, chun tacaíocht anailíseach, oibríochtúil, theicniúil agus fhóiréinseach a sholáthar i gcuibhreann agus i gcomhaontú le húdaráis inniúla an Bhallstáit sin***.’***;	(y) ciallaíonn ‘imscaradh Europol le haghaidh tacaíocht oibríochtúil’ ***foireann*** Europol nó saineolaithe náisiúnta ar iasacht ***a imscaradh ar chríoch*** Ballstáit ***nó tríú tír***, arna iarraidh sin don Bhallstát sin ***nó don tríú tír sin***, ***nó ar thogra ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin,*** chun tacaíocht anailíseach, oibríochtúil, theicniúil agus fhóiréinseach a sholáthar i gcuibhreann agus i gcomhaontú le húdaráis inniúla an Bhallstáit sin ***nó an tríú tír sin, agus le húdarú an Stiúrthóra Feidhmiúcháin***;

Or. en

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1 – pointe 1
Rialachán (AE) 2016/794
Airteagal 2 – mír 1 – pointe y a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	“(ya) ciallaíonn ‘oifigeach idirchaidrimh inimirce’ oifigeach idirchaidrimh arna imscaradh i dtríú tír ag údaráis inniúla Ballstáit, i gcomhréir lena dhlí náisiúnta, chun déileáil le saincheisteanna a bhaineann le hinimirce, lena n-áirítear i gcás nach bhfuil sna saincheisteanna sin ach ina gcuid de dhualgais an oifigigh idirchaidrimh.

Or. en

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1 – pointe 2 – pointe a – pointe iii
Rialachán (AE) 2016/794
Airteagal 4 – mír 1 – pointe l

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(l) lárionaid saineolais ***de chuid*** Aontais a fhorbairt chun cineálacha áirithe coireachta a thagann faoi raon feidhme chuspóirí Europol a chomhrac, lena n-áirítear Ionad Cibearchoireachta na hEorpa agus, i gcomhréir le ***Rialachán (AE) …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* [Rialachán maidir le Smuigleáil Imirceach a Chomhrac]***, an Lárionad Eorpach in aghaidh Smuigleáil Imirceach;	(l) lárionaid saineolais Aontais a fhorbairt chun cineálacha áirithe coireachta a thagann faoi raon feidhme chuspóirí Europol a chomhrac, lena n-áirítear Ionad Cibearchoireachta na hEorpa agus, i gcomhréir le ***hAirteagal 16a***, an Lárionad Eorpach in aghaidh Smuigleáil Imirceach;

Or. en

Réasúnú

An iarmhairt a bhaineann leis an Rialachán neamhspleách a scriosadh agus Airteagal 16a a chur leis

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1 – pointe 2 – pointe a – pointe iv a (nua)
Rialachán (AE) 2016/794
Airteagal 4 – mír 1 – pointe y a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(iva) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:
	"(ya) oibriú i gcomhar le húdaráis inniúla na mBallstát, lena n-áirítear trí líonraí neamhfhoirmiúla a chur ar bun, chun cur i gcoinne ghné ar líne na smuigleála imirceach agus na gáinneála ar dhaoine, lena n-áirítear éascú ar líne

nó spreagadh poiblí;”

Or. en

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1 – pointe 2 – pointe a – pointe v
Rialachán (AE) 2016/794
Airteagal 4 – mír 1 – pointe za

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(za) tacú leis na Ballstáit sonraí bithmhéadracha ***a phróiseáil ar bhealach éifeachtach éifeachtúil.***;	(za) tacú leis na Ballstáit***, lena n-áirítear trí arduirlisí a fhorbairt, le próiseáil éifeachtach agus éifeachtúil*** sonraí bithmhéadracha***, lena n-áirítear sonraí dachtalascópacha, íomhánna den aghaidh agus próifílí DNA***;

Or. en

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (AE) 2016/794
Airteagal 5a – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Áiritheoidh na Ballstáit a bhunóidh tascfhórsa oibríochtúil comhleanúnachas agus sineirgí le creat an Ardáin Eorpaigh Ildisciplínigh i gCoinne Bagairtí Coiriúla (EMPACT).	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Scriosadh í chun rialáil iomarcach a sheachaint agus chun níos mó solúbthachta a áirithiú do thascfhórsaí oibríochtúla. Tá sé beartaithe raon feidhme níos mó a fhágáil don Bhord Bainistíochta, bunaithe ar thogra ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin, chun cinneadh a dhéanamh maidir le sonraí chur chun feidhme an tascfhórsa oibríochtúil (mír 8).

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (AE) 2016/794
Airteagal 5a – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Féadfaidh na Ballstáit a bhunóidh tascfhórsa oibríochtúil a chinneadh cuireadh a thabhairt do Bhallstáit eile, do thríú tíortha agus do chomhpháirtithe eile dá dtagraítear in Airteagal 23 páirt a ghlacadh sa tascfhórsa oibríochtúil nó tacú leis. Déanfar rannpháirtíocht tríú tíortha agus comhpháirtithe eile sa tascfhórsa oibríochtúil i gcomhréir leis an Rialachán seo.	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Scriosadh í chun rialáil iomarcach a sheachaint agus chun níos mó solúbthachta a áirithiú do thascfhórsaí oibríochtúla. Tá sé beartaithe raon feidhme níos mó a fhágáil don Bhord Bainistíochta, bunaithe ar thogra ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin, chun cinneadh a dhéanamh maidir le sonraí chur chun feidhme an tascfhórsa oibríochtúil (mír 8).

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (AE) 2016/794
Airteagal 5a – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Chun tacú le cur chun feidhme tascfhórsa oibríochtúil, cuirfidh Europol an tacaíocht anailíseach, oibríochtúil, theicniúil, fhóiréinseach agus airgeadais dá bhforáiltear leis an Rialachán seo ar fáil, i gcomhréir le mír ***2***.	5. Chun tacú le cur chun feidhme tascfhórsa oibríochtúil, cuirfidh Europol an tacaíocht anailíseach, oibríochtúil, theicniúil, fhóiréinseach agus airgeadais dá bhforáiltear leis an Rialachán seo ar fáil, i gcomhréir le mír ***1***.

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (AE) 2016/794
Airteagal 5a – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. ***Déanfaidh*** gach Ballstát a bhunóidh tascfhórsa oibríochtúil nó a ghlacfaidh páirt ann nó a thacóidh leis, i gcomhréir leis an bpleanáil, leis an gcomhordú agus leis an gcur chun feidhme dá dtagraítear i mír 2***:***	6. Gach Ballstát a bhunóidh tascfhórsa oibríochtúil nó a ghlacfaidh páirt ann nó a thacóidh leis, i gcomhréir leis an bpleanáil, leis an gcomhordú agus leis an gcur chun feidhme dá dtagraítear i mír 2***, comhoibreoidh sé, i gcomhréir leis an bpleanáil, leis an gcomhordú agus leis an gcur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1, le Europol, agus le Ballstáit rannpháirteacha eile, a mhéid is gá chun cúraimí an tascfhórsa oibríochtúil a chomhlíonadh, go háirithe tríd an bhfaisnéis ábhartha uile a sholáthar agus a chomhroinnt.***
(a) an fhaisnéis ábhartha uile a sholáthar gan mhoill do Europol agus do na Ballstáit eile a bhunóidh tascfhórsa oibríochtúil, a ghlacfaidh páirt ann nó a thacóidh leis, ag baint úsáid as SIENA agus, i gcás inarb iomchuí, faisnéis a chur ar fáil go díreach i gcomhréir le hAirteagal 20(2a);	
(b) úsáid a bhaint as an tacaíocht anailíseach, oibríochtúil, theicniúil, fhóiréinseach agus airgeadais arna soláthar ag Europol;	
(c) gníomhaíochtaí agus imscrúduithe faisnéise coiriúla tiomnaithe áirithe a thionscnamh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta i gcás inar gá aghaidh a thabhairt ar an gcoireacht lena mbaineann an tascfhórsa oibríochtúil;	
(d) imscrúduithe airgeadais comhthreomhara a thionscnamh i	

gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus le dlí an Aontais chun sócmhainní coiriúla a shainaithint agus a urghabháil;

(e) páirt a thabhairt dá oifigigh idirchaidrimh a imscarfar i dtríú tíortha ina ndéantar imscrúdú ar ghníomhaíochtaí coiriúla i gcomhthéacs an tascfhórsa oibríochtúil i bhfeabhas a chur ar chomhar agus ar chomhroinnt faisnéise, agus an fhaisnéis a gheofar a sholáthar do Europol, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta.

Or. en

Réasúnú

Scriosadh í chun rialáil iomarcach a sheachaint agus chun níos mó solúbthachta a áirithiú do thascfhórsaí oibríochtúla. Tá sé beartaithe raon feidhme níos mó a fhágáil don Bhord Bainistíochta, bunaithe ar thogra ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin, chun cinneadh a dhéanamh maidir le sonraí chur chun feidhme an tascfhórsa oibríochtúil (mír 8).

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (AE) 2016/794
Airteagal 5a – mír 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
8. Glacfaidh an Bord Bainistíochta rialacha cur chun feidhme maidir le tascfhórsaí oibríochtúla a bhunú agus ***a chur*** chun feidhme.	8. ***Ar thogra ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin,*** glacfaidh an Bord Bainistíochta rialacha cur chun feidhme maidir le tascfhórsaí oibríochtúla a bhunú***, maidir le rannpháirtíocht iontu,*** agus ***maidir lena gcur*** chun feidhme. ***Beidh rannpháirtíocht tríú tíortha agus comhpháirtithe eile sa tascfhórsa oibríochtúil i gcomhréir leis an Rialachán seo.***

Or. en

Leasú 35

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (AE) 2016/794
Airteagal 5b – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Féadfaidh Ballstát, i gcomhréir lena dhlí náisiúnta, imscaradh Europol le haghaidh tacaíocht oibríochtúil ar a chríoch a iarraidh chun úsáid a bhaint as an tacaíocht anailíseach, oibríochtúil, theicniúil, fhóiréinseach agus airgeadais arna soláthar ag Europol chun coireanna a thagann faoi chuspóirí Europol a chosc agus a chomhrac.	1. Féadfaidh Ballstát, i gcomhréir lena dhlí náisiúnta, imscaradh Europol le haghaidh tacaíocht oibríochtúil ar a chríoch a iarraidh chun úsáid a bhaint as an tacaíocht anailíseach, oibríochtúil, theicniúil, fhóiréinseach agus airgeadais arna soláthar ag Europol chun coireanna a thagann faoi chuspóirí Europol a chosc agus a chomhrac. ***Déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin meastóireacht ar gach iarraidh agus féadfaidh sé glacadh leis an imscaradh nó diúltú dó, agus na riachtanais oibríochtúla, an measúnú riosca agus na hacmhainní atá ar fáil á gcur san áireamh.***

Or. en

Leasú 36

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (AE) 2016/794
Airteagal 5b – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Déanfar imscaradh Europol le haghaidh tacaíocht oibríochtúil i gcomhthéacs imscrúduithe casta agus mórscála lena n-éilítear tacaíocht Europol, lena n-áirítear i gcomhthéacs foirne comhpháirteacha imscrúdaithe nó tascfhórsaí oibríochtúla, nó chun tacú le seiceálacha i gcoinne bunachair shonraí ábhartha chun rialuithe ag teorainneacha seachtracha an Aontais, nó foirne tacaíochta bainistíochta imirce a neartú i	***scriosta***

gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle nó chun tacaíocht a sholáthar do na Ballstáit i mórtheagmhais idirnáisiúnta.

Or. en

Réasúnú

Scriosadh í chun rialáil iomarcach a sheachaint agus chun níos mó solúbthachta a áirithiú maidir le himscaradh Europol. Tá sé beartaithe raon feidhme níos mó a fhágáil don Bhord Bainistíochta, bunaithe ar thogra ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin, chun cinneadh a dhéanamh maidir le sonraí imscarthaí Europol (mír 9).

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (AE) 2016/794
Airteagal 5b – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin meastóireacht ar an iarraidh arna déanamh ag Ballstát i gcomhréir le mír 1 agus féadfaidh sé imscaradh Europol le haghaidh tacaíocht oibríochtúil a fhormheas ar feadh tréimhse teoranta ama is féidir a athnuachan, agus na riachtanais oibríochtúla agus na hacmhainní atá ar fáil á gcur san áireamh. Beidh cinneadh an Stiúrthóra Feidhmiúcháin bunaithe ar mheasúnú riosca.	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Scriosadh í chun rialáil iomarcach a sheachaint agus chun níos mó solúbthachta a áirithiú maidir le himscaradh Europol. Tá sé beartaithe raon feidhme níos mó a fhágáil don Bhord Bainistíochta, bunaithe ar thogra ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin, chun cinneadh a dhéanamh maidir le sonraí imscarthaí Europol (mír 9).

Leasú 38

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (AE) 2016/794
Airteagal 5b – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. I gcásanna eisceachtúla práinne lena n-éilítear imscaradh láithreach Europol le haghaidh tacaíocht oibríochtúil i gcríoch Ballstáit, áiritheoidh an Ballstát sin agus an Stiúrthóir Feidhmiúcháin go ndéanfar na bearta a leagtar amach i mír 1, i mír 3 agus i mír 4 laistigh de thréimhse 72 uair an chloig.	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Scriosadh í chun rialáil iomarcach a sheachaint agus chun níos mó solúbthachta a áirithiú maidir le himscaradh Europol. Tá sé beartaithe raon feidhme níos mó a fhágáil don Bhord Bainistíochta, bunaithe ar thogra ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin, chun cinneadh a dhéanamh maidir le sonraí imscarthaí Europol (mír 9).

Leasú 39

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (AE) 2016/794
Airteagal 5b – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Cuirfidh Europol díorma de shaineolaithe na mBallstát ar bun chun críche imscaradh Europol le haghaidh tacaíocht oibríochtúil. Beidh an díorma comhdhéanta de dhíorma saineolaithe a bheidh ag obair ina mBallstáit agus is féidir a chur ar fáil láithreach do Europol chun na críche sin. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh a gcuid saineolaithe ar fáil chun páirt a ghlacadh, mar shaineolaithe náisiúnta ar iasacht, in imscaradh Europol	6. Cuirfidh Europol díorma ***éigeantach*** de shaineolaithe na mBallstát ar bun chun críche imscaradh Europol le haghaidh tacaíocht oibríochtúil. Beidh an díorma comhdhéanta de dhíorma saineolaithe a bheidh ag obair ina mBallstáit agus is féidir a chur ar fáil láithreach do Europol chun na críche sin. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh a gcuid saineolaithe ar fáil chun páirt a ghlacadh, mar shaineolaithe náisiúnta ar iasacht, in

le haghaidh tacaíocht oibríochtúil**,** arna iarraidh sin do Europol.	imscaradh Europol le haghaidh tacaíocht oibríochtúil arna iarraidh sin do Europol***, i gcomhréir le prionsabal chomhroinnt chóir na freagrachta, lena n-áiritheofar go rannchuideoidh gach Ballstát go cothrom agus na hacmhainní is gá á gcoimeád ag an am céanna chun a fhreagrachtaí náisiúnta a chomhlíonadh. A mhéid is féidir, beidh comhdhéanamh an díorma cúltaca cothrom ó thaobh geografaíochta de agus comhréireach le hacmhainneachtaí gach Ballstáit.***
	Or. en

Leasú 40

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (AE) 2016/794
Airteagal 5b – mír 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
9. Glacfaidh an Bord Bainistíochta rialacha cur chun feidhme maidir le himscaradh Europol le haghaidh tacaíocht oibríochtúil a ullmhú agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear maidir le líon agus próifílí na saineolaithe a chuimseofar sa díorma agus aon athruithe a dhéanfar air ina dhiaidh sin.	9. ***Ar thogra ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin,*** glacfaidh an Bord Bainistíochta rialacha cur chun feidhme maidir le himscaradh Europol le haghaidh tacaíocht oibríochtúil a ullmhú agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear maidir le líon agus próifílí na saineolaithe a chuimseofar sa díorma agus aon athruithe a dhéanfar air ina dhiaidh sin.
	Or. en

Leasú 41

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1 – pointe 3 a (nua)
Rialachán (AE) 2016/794
Airteagal 8 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(3a) cuirtear an méid seo a leanas isteach:
	"Airteagal 8a
	Seirbhísí speisialaithe náisiúnta chun smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac
	1. Faoin ... [bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], ainmneoidh gach Ballstát seirbhís speisialaithe amháin nó níos mó laistigh dá údaráis inniúla, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, chun smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac, lena n-áirítear trí imscrúduithe coiriúla, agus cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin láithreach.
	2. Áiritheoidh gach Ballstát go mbaileoidh a sheirbhísí speisialaithe arna n-ainmniú i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo an fhaisnéis ábhartha uile a bhaineann le himscrúduithe coiriúla ar smuigleáil imirceach agus ar gháinneáil ar dhaoine agus a eascraíonn astu agus go gcomhroinnfidh siad an fhaisnéis sin a luaithe is féidir le Europol agus le Ballstáit eile trí Fheidhmchlár Líonra um Malartú Slán Faisnéise de chuid Europol (SIENA).
	3. Áiritheoidh gach Ballstát go bhfuil a oifigigh idirchaidrimh inimirce nasctha le SIENA agus go gcomhoibreoidh siad, a mhéid is féidir, agus i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, leis na seirbhísí speisialaithe arna n-ainmniú i gcomhréir le mír 1, agus le Europol chun smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac."
	Or. en

Leasú 42

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1 – pointe 3 b (nua)
Rialachán (AE) 2016/794
Roinn 2 a (nua) – Airteagal 16a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(3b) cuirtear an Roinn seo a leanas isteach:
	"Roinn 2a
	An Lárionad Eorpach in aghaidh Smuigleáil Imirceach
	Airteagal 16a
	Cúraimí agus comhdhéanamh an Lárionaid Eorpaigh i gcoinne Smuigleáil Imirceach
	***1. Bunófar an Lárionad Eorpach i gcoinne Smuigleáil Imirceach laistigh de Europol mar lárionad saineolais de chuid an Aontais. Tacóidh sé leis na Ballstáit maidir le smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac trí chúraimí oibríochtúla agus straitéiseacha a chur i gcrích. Áireofar ar na cúraimí sin gníomhaíochtaí oibríochtúla agus imscrúdaitheacha a chomhordú, a eagrú agus a chur chun feidhme, agus tacú le gníomhaíochtaí, oibríochtaí agus imscrúduithe malartaithe faisnéise trasteorann na mBallstát, chomh maith le foirne comhpháirteacha um imscrúdú agus tascfhórsaí oibríochtúla. Áireofar leis freisin faireachán a dhéanamh ar smuigleáil imirceach agus ar gháinneáil ar dhaoine san Aontas agus i dtríú tíortha, agus cásanna smuigleála imirceach agus gáinneála ar dhaoine a shainaithint a bhféadfadh comhar le tríú tíortha a bheith ag teastáil ina leith, lena n-áirítear trí shonraí pearsanta a mhalartú. Cuirfidh an Lárionad Eorpach i gcoinne Smuigleáil Imirceach anailísí straitéiseacha agus measúnuithe bagartha ar fáil freisin maidir le smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine,**

agus cuirfidh sé tuarascáil bhliantúil ar fáil ina sainaithneofar na príomhthosaíochtaí oibríochtúla agus na gníomhaíochtaí gaolmhara a d'fhéadfadh a bheith ann ar leibhéal an Aontais.

2. Soláthróidh Europol acmhainní leormhaithe ar fáil don Lárionad Eorpach in aghaidh Smuigleáil Imirceach chun a chúraimí a chomhlíonadh.

3. Beidh an Lárionad Eorpach i gcoinne Smuigleáil Imirceach comhdhéanta de bhaill foirne Europol agus ionadaithe ó na heintitis seo a leanas:

(a) ionadaí ó gach Ballstát arna cheapadh ó shainseirbhís náisiúnta, laistigh de na húdaráis inniúla, atá freagrach as smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac, dá dtagraítear in Airteagal 8a;

(b) buanionadaí Eurojust;

(c) buanionadaí ón nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta;

Féadfaidh Europol cuireadh a thabhairt do rannpháirtithe eile a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí an Lárionaid Eorpaigh i gcoinne Smuigleáil Imirceach a chur i gcrích.

4. Ar thogra ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin, tar éis dul i gcomhairle leis na heintitis a liostaítear i mír 3, pointí (a), (b), agus (c), glacfaidh an Bord Bainistíochta rialacha cur chun feidhme don Lárionad Eorpach in aghaidh Smuigleáil Imirceach, lena n-áirítear rialacha maidir leis na cineálacha cúraimí oibríochtúla agus straitéiseacha a bheidh le déanamh, agus maidir le rannpháirtíocht na n-ionadaithe agus na rannpháirtithe ar tugadh cuireadh dóibh a liostaítear i mír 3. Comhlachtaí nó gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, lena n-áirítear na comhlachtaí nó na gníomhaireachtaí sin dá dtagraítear i mír 3 atá rannpháirteach i ngníomhaíochtaí

an Lárionaid Eorpaigh i gcoinne Smuigleáil Imirceach, déanfaidh siad amhlaidh i gcomhréir lena gcreataí dlíthiúla faoi seach."

Or. en

Réasúnú

Moltar inti go mbunófaí an Lárionad Eorpach i gcoinne Smuigleáil Imirceach laistigh de Rialachán Europol. Tá sé beartaithe raon feidhme níos mó a fhágáil don Bhord Bainistíochta, bunaithe ar thogra ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin, chun cinneadh a dhéanamh maidir le cúraimí mionsonraithe an Lárionaid agus maidir le rannpháirtíocht eintiteas eile (mír 4).

Leasú 43

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1 – pointe 4 a (nua)
Rialachán (AE) 2016/794
Airteagal 49 – mír 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(4a) In Airteagal 49, cuirtear an mhír seo a leanas leis:
	"5a. Beidh sé de cheart ag aon duine a mbaineann damáiste ábhartha nó neamhábhartha dó nó di mar thoradh ar shárú ar an Rialachán seo cúiteamh a fháil i gcomhréir le hAirteagal 65 de Rialachán (AE) 2018/1725 agus Airteagal 56 de Threoir (AE) 2016/680."

Or. en

Leasú 44

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1 – pointe 4 b (nua)
Rialachán (AE) 2016/794
Airteagal 50

An téacs atá ann	*Leasú*
	(4b) Cuirtear an méid seo a leanas in

	ionad Airteagal 50:
Airteagal 50	***"***Airteagal 50
Dliteanas i leith sonraí ***pearsanta a phróiseáil go mícheart agus an ceart chun cúitimh***	Dliteanas i leith ***próiseáil neamhúdaraithe*** sonraí ***nó próiseáil mhícheart sonraí***
1. Beidh ***sé de cheart ag aon duine aonair a bhfuil damáiste arna bhaint dó de thoradh oibríochta próiseála neamhdhleathaí sonraí cúiteamh a fháil i leith an damáiste arna bhaint dó ó*** Europol i gcomhréir le ***hAirteagal 340*** CFAE, nó ***ó Bhallstát inar tharla an teagmhas ba shiocair don damáiste, i gcomhréir lena dhlí náisiúnta. Déanfaidh an duine aonair caingean a thionscnamh in aghaidh Europol os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, nó in aghaidh an Bhallstáit os comhair chúirt inniúil an Bhallstáit sin.***	1. Beidh Europol ***faoi dhliteanas,*** i gcomhréir le ***hAirteagal 340*** CFAE, ***i leith aon damáiste arna dhéanamh do dhuine aonair a eascraíonn as próiseáil neamhúdaraithe*** nó ***mhícheart sonraí arna déanamh aige.***
2. ***Déanfar aon díospóid idir*** Europol ***agus Ballstát maidir le cúiteamh arna íoc nó maidir le méid na haisíocaíochta a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta a shocróidh an ní trí thromlach dhá thrian dá chomhaltaí gan dochar don cheart chun dúshlán a chur faoin gcinneadh sin*** i gcomhréir le hAirteagal ***263*** CFAE.	2. ***Éistfidh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh gearáin i gcoinne*** Europol ***ar bhonn an dliteanais dá dtagraítear*** i ***mír 1 den Airteagal seo i*** gcomhréir le hAirteagal ***268*** CFAE.
	3. Beidh gach Ballstát faoi dhliteanas, i gcomhréir lena dhlí náisiúnta, i leith aon damáiste arna dhéanamh do dhuine aonair a eascraíonn as próiseáil neamhúdaraithe nó mhícheart atá déanta aige ar shonraí a chuir sé in iúl do Europol."

Or. en

Réasúnú

Comhchuibhíonn sé an córas dliteanais agus cúitimh is infheidhme le gníomhaireachtaí eile (cf. Airteagal 46 de Rialachán Eurojust)

Leasú 45

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1 – pointe 4 c (nua)
Rialachán (AE) 2016/794
Airteagal 53

An téacs atá ann	*Leasú*
	(4c) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 53:
Airteagal 53	***"***Airteagal 53
Forálacha ginearálta	Forálacha ginearálta
1. ***Maidir leis*** na Rialacháin Foirne***, le*** Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile agus ***leis*** na rialacha arna nglacadh trí chomhaontú idir institiúidí an Aontais chun éifeacht a thabhairt do na Rialacháin Foirne agus do Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile, beidh feidhm acu maidir le foireann Europol ***cé is moite de na baill foirne sin a bheidh, an 1 Bealtaine 2017, fostaithe de bhun conradh arna thabhairt i gcrích ag Europol mar a bhunaítear le Coinbhinsiún Europol, gan dochar d'Airteagal 73(4) den Rialachán seo. Leanfaidh conarthaí den sórt sin de bheith faoi rialú Ghníomh ón gComhairle an 3 Nollaig 1998.***	1. Na Rialacháin Foirne ***agus*** Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile agus na rialacha arna nglacadh trí chomhaontú idir institiúidí an Aontais chun éifeacht a thabhairt do na Rialacháin Foirne agus do Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile, beidh feidhm acu maidir le foireann Europol***.***
2. Is é a bheidh i bhfoireann Europol baill foirne shealadacha ***agus/nó*** baill foirne ar conradh. Cuirfear an Bord Bainistíochta ar an eolas ar bhonn bliantúil i ndáil le conarthaí tréimhse éiginnte arna ndeonú ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin. Cinnfidh an Bord Bainistíochta na poist shealadacha dá bhforáiltear sa phlean bunaíochta nach bhféadfar a líonadh ach le baill foirne ó údaráis inniúla na mBallstát. Beidh na baill foirne a earcófar chuig poist den sórt sin ina ngníomhairí sealadacha agus ní fhéadfar ach conarthaí ar théarma seasta a dhámhachtain orthu, ***ar conarthaí*** iad is féidir a athnuachan uair amháin go ceann ***tréimhse*** sheasta.	2. Is é a bheidh i bhfoireann Europol baill foirne shealadacha ***nó*** baill foirne ar conradh. Cuirfear an Bord Bainistíochta ar an eolas ar bhonn bliantúil i ndáil le conarthaí tréimhse éiginnte arna ndeonú ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin. Cinnfidh an Bord Bainistíochta na poist shealadacha dá bhforáiltear sa phlean bunaíochta nach bhféadfar a líonadh ach le baill foirne ó údaráis inniúla na mBallstát. Beidh na baill foirne a earcófar chuig poist den sórt sin ina ngníomhairí sealadacha agus ní fhéadfar ach conarthaí ar théarma seasta a dhámhachtain orthu, ***ar conarthaí*** iad is féidir a athnuachan uair amháin go ceann ***uastréimhse*** sheasta ***fhoriomlán deich mbliana***.***"***

Or. en

Leasú 46

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1 – pointe 4 d (nua)
Rialachán (AE) 2016/794
Airteagal 54 – mír 3 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(4 d) in Airteagal 54, mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda réamhráití:
3. ***Ceithre*** bliana a ***mhairfidh téarma*** oifige an Stiúrthóra Feidhmiúcháin. Faoi dheireadh na tréimhse sin, déanfaidh an Coimisiún, i dteannta an Bhoird Bainistíochta, measúnú lena gcuirtear san áireamh an méid seo a leanas:	***'***3. ***5*** bliana a ***bheidh i dtéarma*** oifige an Stiúrthóra Feidhmiúcháin. Faoi dheireadh na tréimhse sin, déanfaidh an Coimisiún, i dteannta an Bhoird Bainistíochta, measúnú lena gcuirtear san áireamh an méid seo a leanas:***'***

Or. en

Réasúnú

Moltar ann go ndéanfaí téarma oifige na Bainistíochta Feidhmiúcháin a chomhchuibhiú le téarma oifige Gníomhaireachtaí eile CGB amhail Frontex, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) agus eu-LISA

Leasú 47

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1 – pointe 4 e (nua)
Rialachán (AE) 2016/794
Airteagal 54 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(4e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 54, mír 4:
4. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú dó ar thogra ón mBord Bainistíochta a chuireann an measúnú a dtagraítear dó i mír 3 san áireamh, téarma oifige an Stiúrthóra Feidhmiúcháin a	***'***4. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú dó ar thogra ón mBord Bainistíochta a chuireann an measúnú a dtagraítear dó i mír 3 san áireamh, téarma oifige an Stiúrthóra Feidhmiúcháin a

shíneadh uair amháin agus ar feadh tréimhse ***ceithre*** bliana ar a mhéid.	shíneadh uair amháin agus ar feadh tréimhse ***cúig*** bliana ar a mhéid.

Or. en

Réasúnú

Moltar inti go ndéanfaí téarma oifige na Bainistíochta Feidhmiúcháin a chomhchuibhiú le téarma oifige Gníomhaireachtaí eile CGB amhail Frontex, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) agus eu-LISA

Leasú 48

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1 – pointe 4 f (nua)
Rialachán (AE) 2016/794
Airteagal 63 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(4f) cuirtear Airteagal 63a seo a leanas isteach:
	‘Airteagal 63a
	Fianaise d’fhinnéithe ó bhaill foirne Europol
	Déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin cinneadh maidir leis an údarú d’fhoireann Europol fianaise a thabhairt os comhair cúirte Ballstáit mar fhinné. Ní dhéanfar an t-údarú chun fianaise a thabhairt a choinneáil siar go míchuí, agus, ag brath ar na himthosca, féadfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin coinníollacha don fhianaise a shainiú, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Tá feidhm ag na forálacha seo freisin maidir le baill foirne a bhí fostaithe ag Europol roimhe seo.’

Or. en

Leasú 49

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1 – pointe 4 g (nua)
Rialachán (AE) 2016/794
Airteagal 74 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(4g) cuirtear Airteagal 74c seo a leanas isteach:
	'Airteagal 74c
	Socruithe idirthréimhseacha maidir le fad seirbhíse an Stiúrthóra Feidhmiúcháin, na Leas-Stiúrthóirí agus na mball foirne
	1. Maidir leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, arna cheapadh nó arna ceapadh ar bhonn Airteagal 54 den Rialachán seo, a dtiocfaidh deireadh lena théarma oifige nó lena téarma oifige tar éis...[theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo], déanfar a chéad téarma nó a dara téarma oifige a fhadú go huathoibríoch chun go mbeidh tréimhse uasta deich mbliana seirbhíse ann. Ní hionann an síneadh sin agus athnuachan conartha de bhun Airteagal 8 de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile.
	2. I gcás nach mbeidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin toilteanach glacadh leis an síneadh uathoibríoch dá bhforáiltear i mír 1, féadfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin an téarma oifige atá aige cheana a choinneáil.
	3. Beidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo maidir leis na Leas-Stiúrthóirí Feidhmiúcháin arna gceapadh ar bhonn Airteagal 55 den Rialachán seo, a dtiocfaidh deireadh lena dtéarma oifige tar éis...[theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo].
	4. Déanfar conradh baill foirne shealadaigh dá bhforáiltear sa phlean bunaíochta a bheidh i bhfostaíocht ghníomhach an [dáta theacht i bhfeidhm

an Rialacháin leasaithigh seo] a shíneadh go huathoibríoch go dtí an uastréimhse deich mbliana ar choinníoll:

(a) gur earcaíodh an ball foirne sealadach le bheith i bpost nach féidir ach le baill foirne ó údaráis inniúla na mBallstát é a líonadh i gcomhréir le hAirteagal 53(2) den Rialachán seo;

(b) rinneadh an conradh a athnuachan aon uair amháin cheana agus tá sé ag teacht go deireadh na huastréimhse naoi mbliana seirbhíse.

Ní hionann an síneadh uathoibríoch sin agus athnuachan conartha de bhun Airteagal 8 de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile. Féadfaidh ball foirne nach nglacfaidh leis an síneadh uathoibríoch dá dtagraítear sa chéad fhomhír an caidreamh conarthach atá aige nó aici cheana le Europol a choinneáil i gcomhréir le hAirteagal 53.'

Or. en

Réasúnú

Chun cead a thabhairt d'fhoireann shonraithe na gníomhaireachta agus don Bhainistíocht Feidhmiúcháin atá i bhfeidhm cheana féin tráth theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo tairbhe a bhaint as na rialacha nua.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/794, a mhéid a bhaineann le tacaíocht Europol a neartú, agus an comhar póilíneachta a fheabhsú, chun smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac

Braitheann níos mó ná 90 % de na daoine a thagann isteach san Aontas go neamhrialta ar smuigléirí chun cuid dá n-aistear, nó a n-aistear iomlán, a éascú. Is coirpigh neamhthrócaireacha iad na smuigléirí sin nach bhfuil i saol duine ach deis ghnó dóibh. Múnla gnó ciniciúil ina dtéitear i dtír ar dhaoine leochaileacha, agus ar minic ina gcuirtear a mbeatha i mbaol ar thurais chontúirteacha, lena linn a fhulaingíonn na daoine sin foréigean agus mí-úsáid. Tar éis trasnú theorainneacha seachtracha an Aontais a éascú, leanann na líonraí coiriúla dá ngníomhaíocht trí ghluaiseachtaí tánaisteacha neamhúdaraithe laistigh den Aontas a éascú. Téann líonraí smuigleála in oiriúint go tapa d'fhorbairtí seachtracha trí acmhainní a leithdháileadh go solúbtha agus trí bhealaí, teicneolaíochtaí agus *modi operandi* nua a úsáid. Léirigh imscrúduithe gur minic a bhaineann smuigléirí imirceach leas as an mbonneagar atá ann cheana de ghníomhaíochtaí coiriúla comhthreomhara amhail gáinneáil ar dhrugaí, ar airm thine nó ar dhaoine in éineacht le mí-úsáid ionstraimí dlí agus struchtúr gnó.

Gineann na líonraí coiriúla sin méid ollmhór idir EUR 4.7 agus EUR 6 bhilliún in aghaidh na bliana in ioncam. Dá bhrí sin, tá dualgas dlíthiúil agus freagracht mhorálta ar údaráis uile na mBallstát, ar ghníomhaireachtaí an Aontais agus ar phríomhghníomhaithe, amhail cuideachtaí taistil agus iompair agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, gach iarracht a dhéanamh smuigleáil imirceach a chosc.

Tá ról ríthábhachtach ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) maidir leis na hiarrachtaí sin a chomhordú, rud a chuir Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Ursula von der Leyen, i bhfios go láidir gur cheart go mbeadh póilíní in ann oibriú ar fud na hEorpa gan teorainneacha. Mhol an Coimisiún freisin foireann Europol a dhúbailt agus a shainordú a neartú ionas go mbeidh Europol ina ghníomhaireacht póilíneachta fíoroibríochtúil. Ós cuid de Phacáiste athbhreithnithe na nÉascóirí é an *Togra le haghaidh Rialachán* maidir *le comhar póilíneachta a fheabhsú i ndáil le smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, agus maidir le feabhas a chur ar thacaíocht Europol ó thaobh coireanna den sórt sin a chosc agus a chomhrac agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/794,* is céim thábhachtach chun cinn é chun na spriocanna sin a bhaint amach agus chun aghaidh a thabhairt go córasach ar choir na smuigleála imirceach laistigh den Aontas agus ó thríú tíortha araon. Mheas an Coimisiún Eorpach go bhfuil gá le buiséad breise EUR 50 milliún agus 50 post breise do thréimhse fhoriomlán an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil reatha 2021-2027. Leis an Rialachán seo, scaoilfear na cistí breise sin a bhfuil géarghá leo agus cruthófar na poist bhreise sin do Europol chun na cúraimí straitéiseacha agus oibríochtúla nua a shanntar dó chomh maith lena shainordú athbhreithnithe a chur i gcrích go hiomlán agus go héifeachtúil.

Áirítear an méid seo a leanas ar phríomhghnéithe na Dréacht-Tuarascála seo chun cur chun feidhme éifeachtach an togra reachtaigh a fheabhsú:

– Is é is aidhm don tuarascáil struchtúr an togra ón gCoimisiún a shimpliú agus a shoiléiriú, tríd an rialachán neamhspleách a scriosadh agus cuid de na forálacha sin a athshuíomh mar leasuithe ar Rialachán Europol atá ann cheana. Laghdaíonn sé sin castacht dhlíthiúil, feabhsaíonn sé inléiteacht agus áirithíonn sé go ndéantar rialachas na gníomhaireachta a bhainistiú le Rialachán aonair de chuid an Aontais.

– De bharr a cineáil, tá gné thrasteorann ag baint le smuigleáil imirceach. Dá bhrí sin, chun líonraí smuigleála a dhíchur, tá gá le comhroinnt sonraí agus comhar trasteorann níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí idir na Ballstáit, gníomhaireachtaí an Aontais agus le tríú tíortha. Formhuinítear sa Dréacht-Tuarascáil seo na tograí ón gCoimisiún chun feabhas a chur ar an bhfreagracht atá ar na Ballstáit sonraí a chomhroinnt ina leith sin.

– Chun feabhas a chur ar an gcomhar póilíneachta i ndáil le smuigleáil imirceach a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, tá bosca uirlisí cuimsitheach ar fáil do Europol. Tacaíonn an Dréacht-Tuarascáil seo leis an togra ón gCoimisiún na huirlisí agus na struchtúir sin a chódú ar mhaithe le soiléireacht dhlíthiúil agus treoir ghinearálta a sholáthar, agus ag an am céanna an tsolúbthacht a bhfuil géarghá léi a choinneáil chun oiriúnú do chúinsí atá ag athrú, rud a fhágfaidh go mbeidh raon feidhme leordhóthanach ag Bord Bainistíochta Europol cinneadh a dhéanamh maidir le sonraí fheidhmiú na n-uirlisí agus na struchtúr sin. Chun ról Stiúrthóir Feidhmiúcháin Europol a threisiú, tá sé beartaithe freisin go mbeidh na rialacha cur chun feidhme sin bunaithe ar thograí an Stiúrthóra Feidhmiúcháin. I measc na n-uirlisí agus na struchtúr tá an méid seo a leanas:

> An Lárionad Eorpach i gcoinne Smuigleáil Imirceach, a bhunófar laistigh de Europol mar lárionad saineolais de chuid an Aontais. Tacóidh sé leis na Ballstáit maidir le smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac trí chúraimí oibríochtúla agus straitéiseacha a chur i gcrích. Beidh an Lárionad comhdhéanta d'ionadaithe ó na sainseirbhísí náisiúnta atá tiomnaithe do smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac. Beidh sé comhdhéanta freisin de bhuanionadaithe ó Frontex agus ó Eurojust. Tá sé beartaithe go bhfágfar faoi na Gníomhaireachtaí féin é cinneadh a dhéanamh cé acu a athlonnófar nó nach n-athlonnófar na hionadaithe sin ar mhaithe lena gcúraimí.
>
> I gcomhthéacs imscaradh Europol le haghaidh tacaíocht oibríochtúil, déanfaidh Europol díorma cúltaca éigeantach ar bun a bheidh comhdhéanta de shaineolaithe ardcháilithe na mBallstát um fhorfheidhmiú an dlí a bhfuil próifílí speisialaithe acu agus a bhféadfar a chur ar fáil láithreach do Europol le haghaidh imscaradh oibríochtúil chun tacaíocht speisialaithe a sholáthar, i gcomhréir lena n-acmhainneacht agus lena riachtanais oibríochtúla.
>
> Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann tascfhórsaí oibríochtúla a chur ar bun chun comhar i bhforfheidhmiú an dlí a threisiú le tacaíocht ó Europol. Chomh maith leis sin, ní mór é a bheith de shaincheart ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin tascfhórsaí oibríochtúla a mholadh do na Ballstáit.
>
> Ainmneoidh na Ballstáit seirbhísí speisialaithe chun smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac. Déanfaidh na seirbhísí sin an fhaisnéis ábhartha uile a thiocfaidh as imscrúduithe coiriúla a roinnt a luaithe is féidir le Europol agus leis na Ballstáit eile. Ní gá struchtúir bhreise a bhunú má tá

siad ann cheana féin.

Tacaíonn an Rapóirtéir le rún an Choimisiúin próiseáil sonraí bithmhéadracha a áireamh laistigh de chúraimí na gníomhaireachta agus molann sé an méid sin a threisiú. I bhfianaise an róil a bhí ag seirbhísí ar líne maidir le smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a éascú agus a spreagadh, moltar freisin soiléiriú a dhéanamh ar thacaíocht Europol chun an ghné ar líne de na gníomhaíochtaí coiriúla sin a chomhrac.

– Chun go mbeidh Europol in ann a shainordú a chur i gcrích go rathúil agus go héifeachtach, ba cheart feabhas a chur ar ghnéithe foirne nós imeachta agus inmheánacha nuair is gá. Áirítear sa dréacht-tuarascáil seo leasuithe chun téarma oifige na Bainistíochta Feidhmiúcháin agus na foirne a chomhchuibhiú, agus córais dliteanais agus cúitimh is infheidhme le gníomhaireachtaí eile amhail Frontex, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) agus eu-LISA, agus cearta aon duine a bhféadfaí difear a dhéanamh dó á gcosaint ag an am céanna. Soiléirítear ann freisin na rialacha maidir le fianaise fhinnéithe ó fhoireann Europol, ós rud é nach leor an creat dlíthiúil atá ann faoi láthair agus go bhféadfadh sé míthuiscintí a ghiniúint maidir le stádas dlíthiúil bhaill foirne Europol sna cúirteanna náisiúnta nó maidir le raon feidhme a bhfianaise.

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

De bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuair sé ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas le linn ullmhú na dréacht-tuarascála:

Eintiteas agus/nó duine
EDRi
Europol
An Coimisiún Eorpach - AS HOME
EPRS
Equinox

Déantar an liosta thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir ainm, feidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir go ndearna sé Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do) a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, ar fógra é lena sainmhínítear na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.